

Leibhéal B2

Topaic 7: Ag eagrú cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht

Bileog 7.1a agus Bileog 7.1b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 7.1a** ar gach duine sa rang.
- *Cúrsaí Gaeltachta – Stór focal*: Abair le gach beirt míniú a thabhairt ar gach téarma.

Freagraí:

Gaeltacht: Ceantar a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga ann.

Breac-Gaeltacht: Nuair a labhraíonn 35-50% duine sa cheantar Gaeilge.

Teanga dhúchais: An chéad teanga a labhraíonn duine, an teanga a bhí aige nuair a bhí sé óg.

Teangeolaíocht: An staidéar eolaíoch a dhéantar ar theangacha.

Gaelscoil: Scoil ina múintear na hábhair scoile ar fad trí Ghaeilge, taobh amuigh den Ghaeltacht.

Mionteanga: Teanga a labhraíonn mionlach na tíre.

Teanga oifigiúil: Teanga a dtugtar stádas faoi leith oifigiúil agus dleathach di i dtír nó stát.

- *Cúrsaí Gaeltachta – Fíricí*: Tabhair deis ansin do gach duine na ceisteanna 1-7 a dhéanamh ina n-aonar. Caithfidh siad an freagra ceart (a, b nó c) a roghnú. Iarr ar gach beirt a bhfreagraí a chur i gcomparáid le chéile nuair atá siad críochnaithe.
- Déan thusa plé ar na freagraí cearta ansin:

Freagraí:

1 – c 4 – b

2 – b 5 – a

3 – a 6 – c 7 – c

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus scaip **Bileog 7.1b** orthu.
- *Cúrsaí Gaeltachta – Plé*: Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag plé ceisteanna le chéile faoi chúrsaí Gaeltachta. Léigh thusa na ceisteanna leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair deis mhaith cainte do na grúpaí agus bí ag siúl timpeall le cuidiú leo más gá.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad ansin.
- *Cúrsaí Gaeltachta – Filíocht*. Iarr ar gach beirt ansin an dán *Fill Arís* a léamh le chéile. Léigh thusa an dán don rang ansin, ag cur béime ar an stór focal is deacra. Abair leo na ceisteanna sa dá bhosca a dhéanamh ansin.

Freagraí:

1. Seán Ó Ríordáin.
2. Rugadh é sa bhliain 1917 agus fuair sé bás sa bhliain 1977. B'as Baile Bhúirne é i gCo. Chorcaí. Bhí eitinn air, rud a d'fhág nár fhág sé an teach mórán agus thug a mháthair aire dó. Bhí an galar dubh air chomh maith. Ba iad téamaí a chuid filíochta ná bás agus cultúr. D'fhoilsigh sé na leabhair seo: *Eireaball Spideoige* (Robin's Tail) (Sáirséal Ó Marcaigh 1952, 1986), *Brosna* (A Handful of Twigs) (1964), *Línte Liombó* (Lines from Limbo) (1971), *Tar éis mo Bháis* (After my Death).
3. Tuairimíocht atá i gceist anseo.

(a) Fág Gleann na nGealt thoir,
Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,
Dún d'intinn ar ar tharla
Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,
Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom
Ia an bóthar fada, bain ded mheabhair
Srathar shibhialtacht an Bhéarla,
Shelly, Keats is Shakespeare:
Fill arís ar do chuid,
Nígh d'intinn is nígh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim:
Dein d'fhaoistin is dein
Síocháin led ghiniúint féinig
Is led thigh-se féin is ná tréig iad,
Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.
Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiséal gairmeach ar bhéalaibh daoine:
Sin é do dhoras,
Dún Chaoín fé sholas an tráthnóna,
Buail is osclófar
D'intinn féin is do chló ceart.

- (b) Ar mhiste leat Gleann na nGealt a fhágáil?
Ar mhiste leat d'intinn a dhúnadh?
Ar mhiste leat Srathair shibhialtacht an Bhéarla a bhaint ded' mheabhair?
Ar mhiste leat filleadh arís ar do chuid?
Ar mhiste leat d'intinn a ní?
Ar mhiste leat faoistin a dhéanamh?
Ar mhiste leat síocháin a dhéanamh?
Ar mhiste leat dul faobhar na faille siar?
Ar mhiste leat bualadh ar an doras?

- (c) Baintear úsáid as ‘Ar mhiste leat?’ nuair is mian leat a bheith níos foirmeálta. Baintear úsáid as an mhodh ordaitheach le páistí nó le daoine a bhfuil aithne mhaith ag duine orthu.

Bileog 7.2a agus Bileog 7.2b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirt arís agus abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag léamh ailt ar ball. Míneigh dóibh go bhfuil an chéad leath den alt ag grúpa A agus an dara leath ag grúpa B, agus nach bhfuil na bearnaí céanna le líonadh ag na grúpaí a bhfuil cuid A acu agus na grúpaí a bhfuil cuid B acu. Bíodh grúpa A ina shuí in aice le grúpa B.
- Scaip **Bileoga 7.2a** ar gach beirt agus scaip **Bileog 7.2b** ar gach beirt eile.
- *An dátheangachas – Plé/Stór focal.* Abair le gach beirt buille faoi thuairim a thabhairt ar ábhar an ailt ó chéad abairt an ailt. Iarr orthu ansin an t-alt a léamh le chéile uair amháin agus míniú na bhfocal thíos a thomhas nuair atá siad ag léamh.

Freagraí 7.2a:

tuin – tune / accent / tone
leoga – indeed
friotal – speech / diction
tnáitheadh – exhaustion
Pléimeannais – Flemish
tumoideachas – immersion education
imircigh – immigrants

Freagraí 7.2b:

ciontacht – guilt
siombóis – symbiosis
feall – betrayal
Briotáin – Brittany
feiniméan - phenomenon
coimpléasc - complex
eachtrach – foreign

- Nuair atá cuid A léite uair amháin ag grúpaí A agus cuid B léite uair amháin ag grúpaí B iarr orthu focal ar bith nach raibh ar eolas acu a rá leat agus scríobh na focail sin ar an chlár dubh. Pléigh míniú na bhfocal leo.
- Iarr ar gach grúpa an fhoirm cheart de na focail (1-9) a chur sna bearnaí. Téigh siar ar fhreagraí chuid A agus chuid B nuair atá siad críochnaithe.

Freagraí 7.2a, bearnaí:

1. na cainte
2. na Gearmáine
3. na hOstaire
4. an ghátair
5. an Bhéarla
6. na Pléimeannaise
7. an duine
8. na huaire
9. an scéil

Freagraí 7.2a, bearnaí:

1. na sráide
2. na scoile

3. an rachmais
4. an tromlaigh
5. eacnamaíochta
6. an chroí
7. an duine
8. na hÉireann
9. na Fraincise

- Cuir gach grúpa A le gach grúpa B anois, ba cheart go mbeidh ceathrar i ngach grúpa. Iarr ar gach beirt sna grúpaí sin achoimre a thabhairt don bheirt eile ar cad a léigh siad san alt a bhí acu féin.
- *An dátheangachas – Plé.* Léigh na ráitis leo agus bí cinnte go dtuigeann na foghlaimoirí gach abairt. Iarr ar gach grúpa de cheathrar plé a dhéanamh ar na ráitis le chéile, le feiceáil an síleann siad an bhfuil siad fíor nó bréagach. Déan plé ar na ráitis leis an rang iomlán tar éis dóibh tamall fada a chaitheamh á bplé.
- *Cleachtadh gramadaí.* Scríobh an sampla seo ar an chlár dubh.

An Ghearmáin *An Ghearmáinis* *An Gearmánach*
muintir na Gearmáine *tuin na Gearmáinise* *teach an Ghearmánaigh*

- Múin na rialacha a bhaineann leis na samplaí thuas. Scaip **Bileog 7.2c** ar an rang anois.
- *Tíortha agus Teangacha – Gramadach:* Mínigh do na foghlaimoirí gurb iad focail ón alt atá sa bhosca ach go gcaithfidh siad anois na bearnaí eile sa bhosca a líonadh, bunaithe ar na samplaí atá déanta. Téigh siar ar na freagraí ar fad.

Freagraí:

	An tír	An teanga	An t-ainmfhocal
Tuiseal Ginideach	<i>An Ghearmáin na Gearmáine</i>	<i>An Ghearmáinis na Gearmáinise</i>	<i>An Gearmánach an Ghearmánaigh</i>
Tuiseal Ginideach	An Ostair na hOstaire	An Ghearmáinis na Gearmáinise	An tOstarach an Ostaraigh
Tuiseal Ginideach	Sasana Sasana	An Béarla an Bhéarla	An Sasanach an Sasanaigh
Tuiseal Ginideach	An Spáinn na Spáinne	An Spáinnis na Spáinnise	An Spáinneach an Spáinnigh
Tuiseal Ginideach	An Airgintín na hAirgintíne	An Spáinnis na Spáinnise	An tAirgintíneach an Airgintínigh

Tuiseal Ginideach	An Bheilg na Beilge	An Phléimeannais na Pléimeannaise	An Beilgeach an Bheilgigh
Tuiseal Ginideach	An Fhrainc na Fraince	An Fhraincis na Fraincise	An Francach an Fhrancaigh
Tuiseal Ginideach	An Bhriotáin na Briotáine	An Bhriotáinis na Briotáinise	An Briotánach an Bhriotánaigh
Tuiseal Ginideach	Éire na hÉireann	An Ghaeilge na Gaeilge	An tÉireannach an Éireannaigh

- *Cleachtadh Breise – Creidimh:* Iarr ar gach beirt liosta a dhéanamh de na creidimh is coitianta sna tíortha ar **Bileog 7.2c**.
- Bíodh na creidimh seo ar eolas acu ag an pointe seo:

Caitliceach / Caitlicigh
Protastúnach / Protastúnaigh
Anglacánach / Anglacánaigh
Preispitéireach / Preispitéirigh Modhach / Modhaigh
Críostaí / Críostaithe
Giúdach / Giúdaigh
Hiondúch / Hiondúigh
Moslamach / Moslamaigh
Búdaí / Búdaithe
Aindiachaí / Aindiachaithe

Bileog 7.3

- Scaip **Bileog 7.3** ar an rang agus cuir gach triúr ag obair le chéile.
- *Canúintí – Plé.* Iarr ar na grúpaí plé a dhéanamh ar na ceisteanna 1-3. Tar éis tamaill pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.
- *Canúintí – Éisteacht.* Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus tabhair tamall beag dóibh a samhlaíocht a úsáid chun buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míreanna. Cuir na míreanna ar siúl dóibh uair amháin agus cuir ceist orthu ar chum siad na scéalta cearta.
- Léigh na ceisteanna a-c leis na foghlaimeoirí agus cuir an téip ar siúl arís ansin. Iarr orthu na ceisteanna a dhéanamh ina mbeirteanna.

CC	CM	CU
<i>tar éis</i>	<i>tar éis</i>	i ndiaidh
an iomarca	an iomarca	barraíocht
le haghaidh	le haghaidh	fá choinne
a dhúnadh	a dhúnadh	a dhruid
cad chuige?	cad ina thaobh?	cad chuige?
i ngar do	cóngarach do	in aice le

Freagraí:

CC
cruinniú
freastalaí
scipéir

CM
cruinniú
freastalaí
scipéir

CU
cruinniú
freastalaí
scipéir

Bileog 7.4a, Bileog 7.4b agus Bileog 7.4c

- Roinn an rang i dtrí ghrúpa agus scaip **Bileog 7.4a** ar ghrúpa amháin, **Bileog 7.4b** ar ghrúpa eile agus **Bileog 7.4c** ar an ghrúpa eile.
- Mínigh dóibh go bhfuil ar gach grúpa eolas faoi na scoileanna sna Gaeltachtaí ar na bileoga a fháil don chéad rang eile. Caithfidh siad a bheith ábalta na ceisteanna ar na bileoga (a bhaineann leis an scoil a bhfuil siad féin ag plé léi) a fhreagairt don chéad rang eile.
- Léigh thusa na ceisteanna leis an rang ar fad.
- Tabhair tamall dóibh a eagrú cé a gheobhaidh an t-eolas don chéad rang eile.
- Bí ag siúl thart le ceist ar bith atá acu a fhreagairt.
- Abair leo go mbeidh ceathrú uaire nó mar sin ag gach grúpa ag tús an chéad ranga eile le cur i láthair a dhéanamh ar an scoil.